

EAGRÁN AN TSAMHRAIDH 2021

# CULTÚR - DÚN NA NGALL

**Nuachtlitir Idirghníomhach**

Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

**Thuas:** *Teach na nAmhrán - ceardlanna filíochta eagraithe le haghaidh Colmcille 1500*

## Colmcille 1500

Tá an ceiliúradh bliana ag comóradh 1500 bliain ó rugadh Colmcille faoi lán seoil agus tá os cionn 70 imeacht beartaithe go dtí Nollaig 2021. Tá suíomh Gréasáin úr Cholmcille 1500 curtha ar bun chun áit lárnach a chur ar fáil do dhaoine san Iarthuaisceart le cuidiú leis na himeachtaí a chur chun cinn don chomóradh stairiúil, agus ardán a chur ar fáil chun teagmháil a dhéanamh le lucht féachana náisiúnta agus idirnáisiúnta.

I measc na n-imeachtaí atá pleanáilte tá ceolchoirmeacha, taispeántais, scannáin, drámaí, comhdhálacha, léachtaí agus léirithe eile – tá an chuid is mó acu seo fíorúil ag an phointe seo go dtí go dtig linn imeachtaí fisiciúla a thosú arís. Tá sé beartaithe sraith imeachtaí a bheith ar siúl chun Lá Fhéile an Naoimh a cheiliúradh ar an 9 Meitheamh 2021, agus beidh ceiliúradh ag leanúint ar aghaidh i rith na bliana, ag críochnú le himeachtaí chun lá breithe Cholm Cille a cheiliúradh ar an 7 Nollaig 2021.



**Ar dheis:** *Teach Pháirc Cholm Cille – siúlóid fhíorúil eagraithe le haghaidh Colmcille 1500 Grianghraf: Access Heritage.*

I measc na n-imeachtaí atá beartaithe beidh 18 ndeontas ar fáil trí Scéim Deontais Colmcille 1500 chun deiseanna a chur ar fáil do phobail áitiúla páirt a ghlacadh i gcuimhneachán na 1500 bliain le tionscadail a chuimsíonn réimse téamaí ar nós stair, ceol, drámaíocht, litríocht, ealaín, seandálaíocht, spioradáltacht, scéalaíocht agus béaloideas.

Le haghaidh tuilleadh sonraí faoi imeachtaí atá le teacht don tsamhradh téigh go dtí: www.colmcille1500.com
Facebook: www.facebook.com/Colmcille1500NW
Instagram: www.instagram.com/colmcille1500

*Tá an clár á chomhordú ag Comhairle Contae Dhún na nGall agus Comhairle Chathair Dhoire & Cheantar an tSratha Báin le tacaíocht ó phríomhpháirtithe lena n-áirítear Ciste Forbartha an Iarthuaiscirt, i gcomhar leis an Oifig Feidhmiúcháin agus Rialtas na hÉireann agus le tacaíocht uathu.*

### SPLÉACHADH AR A BHFUIL ISTIGH:


| | |
|---|---|
| Cartlanna | L3 |
| Ealaíona | L3 |
| Oidhreacht | L4 |
| Leabharlanna | L4 |
| Músaem | L5 |
| RCC | L5 |




**Ar chlé:** *Clár Deich mBliana de Chomórthaí Céad Bliain an Rannáin Cultúir, Dún na nGall*

## An Clár le haghaidh Deich mBliana de Chomórthaí Céad Bliain 2021

D'éirigh leis an Rannán Cultúir maoiniú a fháil ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin tSnáithe Pobail den Chlár le haghaidh Deich mBliana de Chomórthaí Céad Bliain 2012-2023 chun ocht dtionscadal a sheachadadh in 2021. I measc na dtionscadal seo tá: Staraí Cónaithe atá lonnaithe sa tSeirbhís Cartlainne; clár gníomhaíochta do pháistí le linn 'Wainfest'; clár léachtaí atá a chomhordú ag an tSeirbhís Leabharlainne; freagairtí ealaíne ar an Deich mBliana de Chomórthaí Céad Bliain trí Ghlao Oscailte ar Ealaíontóirí agus trí Chónaitheacht Ealaíontóra; Bunachar Sonraí dírithe ar Leabhar Onóra Chontae Dhún na nGall; turas fíorúil ar thaispeántas 'Ó Choimhlint go Deighilt, Dún na nGall 1919-1925' i Músaem Contae Dhún na nGall, agus iniúchadh ar chuimhneacháin, atá inrochtana go poiblí, a bhaineann leis an Deich mBliana de Chomórthaí Céad Bliain 1919-1923.

**Ar dheis:** *Ag ceiliúradh sa bhaile le linn Cruinniú 2020*
*Grianghraf: Paul McGuckin*



Cruinniú na nÓg
A Day of Youthful Creativity

## Cruinniú na nÓg

Tá clár spreagúil imeachtaí agus gníomhaíochtaí ar líne againn do pháistí agus do dhaoine óga do Chruinniú na nÓg 2021. I mbliana beidh an lá náisiúnta de chruthaitheacht na n-óg ar siúl Dé Sathairn 12 Meitheamh. Tá imeachtaí againn do gach duine ó 0-18, amhail bácáil, ceol agus gluaiseacht, ceardlanna digiteacha agus go leor eile.  Féach anseo le haghaidh tuilleadh eolais.

# CARTLANNA

Tá Cartlann Chontae Dhún na nGall, agus Seirbhísí Cartlainne ag údaráis áitiúla eile, i gcomhpháirtíocht le 'Tar éis 2022', tionscadal idirnáisiúnta atá lonnaithe i gColáiste na Tríonóide le comhoibritheoirí mar Chartlann Náisiúnta na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe.  Is é an aidhm atá leis an togra seo ná 'Taisce Taifead Fíorúil' a athchruthú, a mbeidh mar chuid de sin atógáil fhíorúil ar Oifig Taifead Poiblí na hÉireann (Na Ceithre Chúirteanna) agus a bhailiúcháin chartlainne, a scriosadh le linn Chogadh na gCarad in 1922. Rinne an Taoiseach cur síos ar 'Tar éis 2022' le gairid mar 'thionscnamh suntasach' ó thaobh nuálaíochta agus comhoibrithe idirnáisiúnta de.

Rinneadh na cartlanna a mhaireann ó Ard-Ghiúiré Contae Dhún na nGall, a théann siar go 1753, a dhigitiú agus beidh siad mar chuid den 'Taisce' chartlainne athchruthaithe. San áireamh fosta, beidh foilseachán agus comhdháil chun comóradh a dhéanamh ar chéad bliain ó dódh Teach an Chustaim i mí na Bealtaine 1921. Chun tuilleadh a fháil amach faoin tionscadal iontach seo, féach anseo.




**Ar chlé:** *Sliocht ón Taispeántas 'An Seansaol i Saol an Lae Inniu'*

Leanann an tSeirbhís Cartlainne ag cur imeachtaí for-rochtana ar fáil ar líne. Le haghaidh fhéile na Bealtaine rinneadh cur i láthair agus taispeántas cartlann dhigitithe á uaslodáil ar Chainéal YouTube Chomhairle Contae Dhún na nGall. Féach anseo.

Tá an tSeirbhís Cartlainne ag cur níos mó dá hacmhainní ar fáil de réir a chéile ar líne saor in aisce. Rinneadh trí thaispeántas ar stair agus ar chultúr Dhún na nGall a uaslodáil le gairid leis an ábhar cartlainne a chur os comhair an phobail: 'An Seansaol i Saol an Lae Inniu', 'Turas Fríd Am' agus Ceiliúradh ar 100 Bliain de Rialtas Áitiúil Nua-Aimseartha.

archivist@donegalcoco.ie

donegalcoco.ie/culture/archives

# EALAÍONA

**Ar dheis:** *Féile Ealaíon an Earagail 2021, Tumble Circus*



### Deis faoi Scéim an Chéatadáin le haghaidh na nEalaíon

Tá deis eile ar fáil d'ealaíontóirí físe de bharr fhorbairt leanúnach an N56. Tá an tríú ceann i sraith de choimisiúin, faoi Scéim an Chéatadáin le haghaidh na nEalaíon, fógartha ag Comhairle Contae Dhún na nGall ar na mallaibh - an uair seo  ag baint leis an Scéim Bóthair ó Thamhnach an tSalainn go hInbhear.

Táthar ag lorg saothar ealaíne atá buan agus i bhfoirm dhealbhóireachta, agus tugtar cuireadh d'ealaíontóirí a bhfuil suim acu sa togra úsáid a bhaint as a gcuid buanna leis an oidhreacht shaibhir thionsclaíoch, shóisialta agus eacnamaíoch sa cheantar a léiriú.

Tá cóipeanna den Doiciméad Eolais agus Foirm Iarratais, mar chuid de Chéim 1 den Choimisiún, ar fáil anois ó Oifig Bóithre Náisiúnta Dhún na nGall trí rphost: cian.friel@dnrdo.ie. Is é an Dáta Deiridh chun Iarratais Céim 1 comhlánaithe a fháil ná 4.00pm Dé Luain, 14 Meitheamh, 2021.

### Féile Ealaíne an Earagail 2021

Mar chuid de chlár measctha d'imeachtaí ar líne agus d'imeachtaí beo le linn Fhéile an Earagail ón 4 go dtí an 25 Iúil, beidh sraith de thionscadail dhigiteacha rannpháirteacha poiblí, ina measc ceardlanna idirghníomhacha agus suiteálacha réaltachta breisithe, chomh maith le pilleadh ar cheol beo, focal labhartha, sorcas camchuairte, agus léirithe ón aer ag Tumble Circus (sa phictiúr) agus Fidget Feet, agus drámaíocht chruthaitheach - ó oileáin na Gaeltachta go leithinis Inis Eoghain agus Fánaid, ó shráideanna Leitir Ceanainn go Ráth Bhoth agus Bealach Féich, ag ceiliúradh na ndaoine agus na n-áiteanna i nDún na nGall.
Tabhair cuairt ar www.eaf.ie

traolach@donegalcoco.ie

donegalcoco.ie/culture/arts%20office/

# OIDHREACHT



**Ar chlé:** *Radharc ón Aer ar an Mheal, Béal Átha Seanaidh, le caoinchead ó Threasa Mhig Uidhir.*

### Tionscnamh Bailte Stairiúla Bhéal Átha Seanaidh

Tá an Oifig Oidhreachta agus an Oifig Caomhnaithe, i gcomhpháirtíocht le Coiste Athnuachana Bhéal Átha Seanaidh, i ndiaidh maoiniú €200,000 a fháil do Bhéal Átha Seanaidh faoi Thionscnamh Bailte Stairiúla na Comhairle Oidhreachta.  Tá €85,000 breise geallta ag Comhairle Contae Dhún na nGall i leith na n-oibreacha caomhnaithe agus tá ranníocaíochtaí airgeadais ann ó úinéirí réadmhaoine áitiúla. Mar thoradh ar an tionscnamh déanfar oibreacha caomhnaithe ar 13 réadmhaoin stairiúla ar feadh an Mheal agus go Teach an Mhainéir ar an Phríomhshráid Uachtarach, Béal Átha Seanaidh.

### Seachtain Náisiúnta na hOidhreachta

Beidh Seachtain Náisiúnta na hOidhreachta ar siúl ón Satharn 14 Lúnasa go dtí an Domhnach 22 Lúnasa. Is é téama na bliana seo ná 'Oidhreacht do Chách / Oidhreacht Chuimsitheach'. Más mian leat páirt a ghlacadh sa tSeachtain Oidhreachta, tá tuilleadh eolais ar fáil ag www.heritageweek.ie

### Deontais Oidhreachta Pobail fógartha

Tá €139,381 bronnta ag an Chomhairle Oidhreachta ar 16 tionscnamh oidhreachta i gContae Dhún na nGall faoina Scéim Deontais Oidhreachta Pobail, a sheasann do os cionn 11% den mhaoiniú náisiúnta atá ar fáil. Is féidir féachaint ar thionscadail rathúla anseo.

### Maoiniú faoin Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta le haghaidh Bithéagsúlachta

Tá maoiniú de €45,766 faighte ag an Oifig Oidhreachta le haghaidh togra chun An Crotach Goir Éireannach a Rianú i gcomhpháirtíocht le Cairde Éanlaith Éireann, Suirbhé Bogaigh ar Chontae Dhún na nGall agus Suirbhé ar an Naoscadh Goir i gcomhpháirtíocht le Cairde Éanlaith Éireann.

heritage@donegalcoco.ie 074 9172576 donegalcoco.ie/culture/heritage/

# LEABHARLANNA

### Athoscailt na Leabharlann

Tá lúchair orainn a fhógairt go bhfuil na leabharlanna ag oscailt arís de réir a chéile. Mar chuid den chur chuige céimnithe seo, agus ag glacadh treoir sláinte poiblí san áireamh, tá athbhreithniú déanta ar uaireanta oscailte leabharlainne. Tá sonraí faoi uaireanta oscailte agus seirbhísí úra ar fáil ag www.donegallibrary.ie.

### Tús curtha le hEachtraí Samhraidh lenár gClár Léitheoireachta Réaltaí Samhraidh

Geallann na leabharlanna samhradh lán de spraoi le go leor imeachtaí ar líne agus imeachtaí léitheoireachta lenár gclár Eachtraíocht Léitheoireachta na Réaltaí Samhraidh. Tá tuilleadh sonraí ar fáil ar shuíomh gréasáin na leabharlainne ar www.donegallibrary.ie.

### Sraith Léachtaí Samhraidh

Tá bród ar Rannóg na Staire Áitiúla dhá shraith de léachtaí a chur i láthair. Tá téama na chéad sraithe bunaithe ar '*Deich mBliana de Chomórthaí Céad Bliain*' agus beidh sé ar fáil ar líne ó Mheitheamh go Meán Fómhair. Beidh an dara sraith, dar teideal '*Colmcille 1500: Leabhair agus Tuilleadh*' ar fáil ar líne le linn na Seachtaine Oidhreachta, 14 - 22 Lúnasa. Le haghaidh tuilleadh eolais, déan teagmháil le CentralLibrary@donegalcoco.ie




### An Leabharlann Bheag

Tá Leabharlanna Dhún na nGall ag comhoibriú le hionaid áitiúla Luathfhoghlama agus Cúraim chun málaí leabhar saor in aisce a fháil. Faoin tionscnamh seo, a bhfuil sé mar aidhm aige dúil a spreagadh i measc páistí óga i leabhair agus sa léitheoireacht, tá cuireadh tugtha go náisiúnta do níos mó ná 4,500 ionad luathfhoghlama agus cúraim málaí leabhar agus acmhainní eile saor in aisce a bhailiú óna leabharlann áitiúil; agus ina measc sin tá 'Plobaireacht Leanaí' nó '*Babbling Babies*', *leabhar ilteangach de rainn agus d'amhráin ghíomhaíochta*.

admin@donegallibrary.ie 074 9153900 donegallibrary.ie


# MÚSAEM



**Taispeántas 'Ó Choimhlint go Deighilt, Dún na nGall 1919-1925'**

Tá taispeántas úr forbartha ag Músaem Contae Dhún na nGall 'Ó Choimhlint Go Deighilt, Dún na nGall 1919-1925'. Scrúdaíonn an taispeántas seo imeachtaí ó Chogadh na Saoirse, ó Chogadh na gCarad agus ón Chríochdheighilt i nDún na nGall. D'athraigh na himeachtaí seo oileán na hÉireann ó bhonn agus tá a lorg le feiceáil go soiléir ar pholaitíocht agus ar shochaí na hÉireann go dtí an lá inniu. Leanfaidh an taispeántas ar aghaidh go dtí deireadh Lúnasa 2021 agus chuirfeadh an Músaem fáilte roimh ábhar breise cartlainne a fháil ar iasacht le cur le scéal na tréimhse seo.

Tá an taispeántas seo mar chuid den tionscadal 'Macalla na Staire' atá á mhaoiniú trí Chlár PEACE IV an Aontais Eorpaigh, atá á bhainistiú ag Comhlacht Cláir Speisialta an AE (SEUPB).




**Ar chlé:** *An leabhrán 'UnCover & ReDiscover Your Locality.'*

**'UnCover & ReDiscover your Locality'**

San earrach thug an tIonad d'Oibrithe Deonacha Dhún na nGall, i gcomhpháirtíocht le Músaem Contae Dhún na nGall, cuireadh do dhaoine a bheith páirteach in 'UnCover & ReDiscover Your Locality'. Tríd an tionscadal pobail seo spreagadh oibrithe deonacha chun a fháil amach faoina n-oidhreacht áitiúil agus chun an méid a d'aimsigh siad a roinnt leis an Mhúsaem. Tá meascán iontach de scéalta, de dhánta agus de ghrianghraif faighte i measc an ábhair a fuarthas. Tá siad bailithe le chéile i leabhrán tarraingteach atá ar fáil ar líne agus i bhfoirm chóip chrua, saor in aisce.

museum@donegalcoco.ie    www.donegalcoco.ie/culture/countymuseum

# IONAD CULTÚRTHA RÉIGIÚNACH

**Turas | Oilithreacht**
**Clár Taispeántais an tSamhraidh**

Ionad Cultúrtha Réigiúnach, An Gailearaí, 'Artlink' & Gailearaí na Gléibe

Rachaidh an 'turas' seo trí thírdhreach cultúrtha Dhún na nGall trí thaispeántas ilionaid ina mbeidh deichniúr ealaíontóirí atá lonnaithe in Éirinn ag déanamh iniúchadh ar na hathruithe sa tsochaí a mhúnlaíonn ár bhféiniúlacht chomhchoiteann.

Beidh 'Turas' ar siúl ón 19 Meitheamh go dtí Meán Fómhair 2021 mar pháirt den cheiliúradh náisiúnta 'Colmcille 1500' agus cuirfidh sé saothar reatha i láthair ó rogha d'ealaíontóirí bunaithe agus d'ealaíontóirí atá ag teacht chun cinn, a roghnófar chun ionadaíocht a dhéanamh ar raon leathan cleachtas comhaimseartha ar fud na hÉireann.

Lena chois sin, beidh mar chuid de 'Turas' clár coimeádaithe d'imeachtaí breise mar aon le sceidealú an taispeántais, lena n-áirítear suiteálacha ealaíne sonaí, léirithe scannáin agus léirithe ealaíne beo. Beidh na hionaid taispeántais seo san áireamh: Ionad Cultúrtha Réigiúnach Leitir Ceanainn, An Gailearaí, Gaoth Dobhair, Teach & Gailearaí na Gléibe,



Thuas: *'Embroidery Frieze - The Politicians' le Ursula Burke.*

Mín an Lábáin agus Nasc Ealaíne an Dúin Riabhaigh, Bun Cranncha.

Tá sé mar aidhm leis an chomhoibriú ilionaid seo deiseanna luachmhara a sholáthar do chleachtóirí cruthaitheacha agus do scóip leathan d'oibrithe cruthaitheacha gairmiúla. Cuirfidh an tionscadal poiblí forbartha seo clár comhleanúnach i láthair a bheas furasta teacht air agus é deartha chun oibriú laistigh de dhálaí sábháilte de réir threoirlínte na paindéime COVID-19.

I measc na n-ealaíontóirí tá: Ursula Burke, Anthony Haughey, Frances Hegarty, Sarah Lewtas, Basam Al-Sabah, Aideen Barry, Sean Hillen, Cliodhna Timoney and Celina Muldoon.

info@regionalculturalcentre.com    074 9129186    regionalculturalcentre.com